Teach solais iargúlta

Leibhéal B2

# A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theach solais iargúlta atá ar chósta thiar na hÉireann. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Féach ar an bhfíseán beag seo. Déan cur síos ar an méid a fheiceann tú. An bhfuil cur amach agat ar na tithe solais atá san fhíseán?

Téigh go dtí an suíomh anseo.

2. Ar mhaith leat féin a bheith i do chónaí in áit iargúlta ar nós na n-áiteanna sna pictiúir thíos? Cén fáth?



3. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an teach solais sa chéad phictiúr thuas?
4. An bhfuil aon choimeádaithe solais fós ina gcónaí sna tithe solais in Éirinn, dar leat? Cén fáth?

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *disrepair* | |
| b) *automated system* | |
| c) *maintenance* | |
| d) *furthest* | |
| e) *secluded, eerie place* | |
| f) *a feat of engineering* | |
| g) *neglected* | |
| h) *plan, action* | |
| i) *to put in order* | |
| j) *necessary operations* | |
| k) *environmental conservation* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. An bhfuil na leaganacha Muimhneacha de na frásaí seo thíos ar eolas agat?

   ag maireachtáil ______________________ foirgnimh ______________________

4. Cuir na focail thíos le chéile chun comhfhocail a chumadh.

| | |
|---|---|
| **(droch)(cuma)** | |
| **(sean)(foirgnimh)** | |
| **(príomh)(dualgas)** | |
| **(sean)(tithe)** | |

5. Aistrigh na téarmaí thíos go Gaeilge.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***the west*** | | *the east* | |
| ***going west*** | | *going east* | **ag dul soir** |
| ***west (position)*** | **thiar** | *east (position)* | |
| ***coming from the west*** | | *coming from the east* | |

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. Cad é ábhar na míre in aon líne amháin? |
| |
| 2. Cá bhfuil solas na Tiarachta? |
| |
| 3. Cén fáth ar luadh na blianta seo – 1870 agus 1988? |
| |
| 4. Cén fáth a bhfuil drochbhail ar fhoirgnimh an tí solais anois? |
| |
| 5. Cad a bhí le rá ag Pádraig Firtéar faoin scéal? |
| |
| 6. Cén príomhdhualgas atá ar Choimisinéirí Soilse na hÉireann, dar leo féin? |
| |
| 7. Má tá Coimisinéirí Soilse na hÉireann chun obair riachtanach a dhéanamh ar na seantithe ar an oileán, cén obair a bheidh i gceist? |
| |

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar san aimsir láithreach)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Bhí sampla den saorbhriathar san aimsir láithreach sa mhír. An cuimhin libh cad a bhí ann? ____________________________________________

Déanaigí staidéar anois ar na briathra sa tábla.

| Fréamh an bhriathair | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|---|
| **Déan** | an **n**déan**tar** …? | déantar | ní d**h**éantar |
| **Cuir** | an **g**cuir**tear** …? | cuirtear | ní c**h**uirtear |
| **Aistrigh** | an aistr**ítear** …? | aistrítear | ní aistrítear |
| **Ceannaigh** | an **g**ceann**aítear** …? | ceannaítear | ní c**h**eannaítear |

b) Líonaigí isteach na bearnaí sa tábla thíos:

| Fréamh an bhriathair | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|---|
| **Dún** | …? | | |
| **Bris** | …? | | |
| **Bailigh** | …? | | |
| Ceadaigh | …? | | |

c) Bainigí úsáid as na briathra thuas (in *a* agus *b*) chun ceisteanna a chur ar a chéile faoin áit a bhfuil sibh in bhur gcónaí. Mar shampla:

*An aistrítear fógraí pobail go Gaeilge i do cheantar? Aistrítear. / Ní aistrítear.*

## 2: Cruinneas gramadaí (an aidiacht tar éis ainmfhocail)

a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht 'diamhair' tar éis an ainmfhocail 'áit'?
'áit d<u>h</u>iamhair' ____________________________________________

b) Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart de gach aidiacht sna bearnaí:

fear (cairdiúil) __________________

cistin (mór) ____________________

madra (donn) __________________

aiste (fada) ____________________

peann (dearg) __________________

bean (díograiseach) __________________

saoire (maith) ______________________

ainmhí (fiáin) _______________________

leabhar (gorm) ______________________

bialann (deas) ______________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Féach ar na pictiúir thíos leat féin ar dtús agus:

- ✓ Cén áit chónaithe a roghnófá féin? Roghnaigh an dá cheann is fearr leat.
- ✓ Déan do mhachnamh ar cén fáth ar roghnaigh tú an dá phictiúr sin.

b) Labhair leis an duine in aice leat ansin agus mínígí bhur gcuid roghanna dá chéile.

c) Pléigí an cheist seo le chéile freisin:

- ✓ Cad ba cheart a dhéanamh leis na tithe cónaithe folmha atá in aice leis an teach solais sa mhír, dar libh? (Iad a leagadh? Óstán? Ionad cultúrtha?)



Cábán sna sléibhte



Árasán dín i bPáras



An teach solais sa mhír



Bothán ar oileán trópaiceach

## 2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí i gceann amháin de na háiteanna thuas a pléadh faoi Caint. Scríobh teachtaireacht ghearr chuig gaol nó cara leat (12 líne nó mar sin) faoin saol laethúil atá agat. Déan cur síos ar na nithe seo:

- ✓ An obair a dhéanann tú gach lá – obair dheisiúcháin, ag iascaireacht, ag seilg, ag siúl …
- ✓ An tslí a ligeann tú scíth – ag snámh, ag léamh, ag scríobh, ag dul go dtí músaeim …
- ✓ Na cuairteoirí a bhíonn agat, má bhíonn …
- ✓ An tslí a mothaíonn tú – ar do shuaimhneas, uaigneach …

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
I gCorca Dhuibhne, tá imní faoin drochbhail atá ar fhoirgnimh stairiúla an tí solais ar an Tiaracht sna Blascaodaí. Is é solas na Tiarachta an solas is faide siar san Eoraip ach ó cuireadh córas uathoibrithe i bhfeidhm ann, is beag cothabháil atá á déanamh ar sheantithe cónaithe lucht an tsolais.

**Seán Mac an tSíthigh**
Tá solas na Tiarachta ar an solas is sia siar san Eoraip. Áit dhiamhair agus éacht innealtóireachta, go mbaineadh[1] staighrí agus ardáin as an gcarraig lom ar a dtógfaí na tithe anseo. Lasadh an solas den gcéad[2] uair anseo sa Tiaracht in 1870. Bhí tráth ann agus bhí suas le triúr déag[3] ag maireachtaint[4] inti – na fir solais agus a gclann.

Tháinig an fear solais deiridh den gcarraig in 1988 nuair a cuireadh córas uathoibrithe i bhfeidhm. Ach tá droch-chuma tagtha ar an áit seo le blianta beaga anuas, na seanfhoirgintí[5] ligthe i léig ó cuireadh córas uathoibrithe ar bun anseo agus gan ghá níos mó leis an lóistín atá ceangailte leis an solas ann.

**Pádraig Firtéar, Fondúireacht an Bhlascaoid**
Is mór an trua é sin, i ndáiríre, mar is cuid d'Oileáin na mBlascaodaí í an Tiaracht. Agus, mar a deirim, is cuid de Pháirc na Mara anois í. Agus léiríonn sé sin go dtug[6] an rialtas faoi deara – agus gur ghlacadar leis – gur áit thábhachtach a bhí inti. Ach ní haon mhaitheas é sin; tá beart breise ag teastáil anois. Níor mhór pleanáil cheart a dhéanamh agus ord agus eagar a chur ar an áit sin.

**Seán Mac an tSíthigh**
I ráiteas, deir Coimisinéirí Soilse na hÉireann gurb é an príomhdhualgas atá orthu ná an solas a choimeád ar lasadh sa Tiaracht agus go bhfuil na seana-thithe[7] lasmuigh anois dá réimse feidhmiúcháin. Deir an ráiteas go scrúdaítear go rialta na foirgintí ar an dTiaracht agus go dtabharfar tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta. Níor tugadh aon eolas, áfach, faoi obair chothabhála atá déanta nó beartaithe do na seanfhoirgintí.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.

---

[1] go mbaineadh = leagan canúnach de 'gur baineadh'
[2] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[3] trí dhuine dhéag a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] ag maireachtaint = leagan canúnach de 'ag maireachtáil'
[5] foirgintí = leagan canúnach de 'foirgnimh'
[6] go dtug = leagan canúnach de 'gur thug'
[7] seana-thithe = leagan canúnach de 'seantithe'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

**Réamhchleachtadh 1:**

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tá an teach solais ar an Tiaracht, an t-oileán is faide siar de chuid na mBlascaodaí. Níl aon choimeádaithe solais fós ina gcónaí sna tithe solais ó bhí 1988 ann, nuair a cuireadh córas uathoibrithe i bhfeidhm.

## B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

| | |
|---|---|
| *disrepair* | *drochbhail* |
| *automated system* | *córas uathoibrithe* |
| *maintenance* | *cothabháil* |
| *furthest* | *is sia* |
| *secluded, eerie place* | *áit dhiamhair* |
| *a feat of engineering* | *éacht innealtóireachta* |
| *neglected* | *ligthe i léig* |
| *plean, action* | *beart* |
| *to put in order* | *ord agus eagar a chur ar* |
| *necessary operations* | *oibriúcháin riachtanacha* |
| *environmental conservation* | *caomhnú na timpeallachta* |

2. Ag maireachtáil – ag maireachtaint; foirgnimh – foirgintí.
3. Tabhair deis dóibh na comhfhocail a chumadh ar dtús agus pléigh na rialacha leo ansin.

| | |
|---|---|
| **(droch)(cuma)** | droch-chuma |
| **(sean)(foirgnimh)** | seanfhoirgnimh |
| **(príomh)(dualgas)** | príomhdhualgas |
| **(sean)(tithe)** | seantithe |

- Cuirtear séimhiú ar an dara focal i gcomhfhocal, ach amháin nuair a thagann d, n, t, l nó s le chéile.
- Cuirtear fleiscín idir an dá fhocal má chríochnaíonn an chéad fhocal agus an dara focal le guta nó má thosaíonn an dara focal leis an gconsan céanna lenar chríochnaigh an chéad cheann.

4. Féach:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***the west*** | an t-iarthar | *the east* | an t-oirthear |
| ***going west*** | ag dul siar | *going east* | ag dul soir |
| ***west (position)*** | thiar | *east (position)* | thoir |
| ***coming from the west*** | ag teacht aniar | *coming from the east* | ag teacht anoir |

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar san aimsir láithreach)

a) 'Scrúdaítear'. Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar na deirí sa chéad agus sa dara réimniú, ar an urú ar chonsan tar éis 'an' agus ar an séimhiú tar éis 'ní'.

| Fréamh an bhriathair | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|---|
| **Déan** | an **n**déan**tar** …? | déantar | ní d**h**éantar |
| **Cuir** | an **g**cuir**tear** …? | cuirtear | ní c**h**uirtear |
| **Aistrigh** | an aistr**ítear** …? | aistrítear | ní aistrítear |
| **Ceannaigh** | an **g**ceann**aítear** …? | ceannaítear | ní c**h**eannaítear |

b) Féach:

| Fréamh an bhriathair | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|---|
| **Dún** | An ndúntar …? | dúntar | ní dhúntar |
| **Bris** | An mbristear …? | bristear | ní bhristear |
| **Bailigh** | An mbailítear …? | bailítear | ní bhailítear |
| Ceadaigh | An gceadaítear …? | ceadaítear | ní cheadaítear |

c) Tabhair deis chainte dóibh chun an saorbhriathar san aimsir fháistineach a chleachtadh.

### 2: Cruinneas gramadaí (an aidiacht tar éis ainmfhocail)

a) Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach.
b) Féach:

| | |
|---|---|
| fear cairdiúil | bean dhíograiseach |
| cistin mhór | saoire mhaith |
| madra donn | ainmhí fiáin |
| aiste fhada | leabhar gorm |
| peann dearg | bialann dheas |

## E. Cumarsáid

### 1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar cad is féidir a dhéanamh leis na tithe solais atá leagtha i léig.

### 2: Scríobh

Iarr orthu teachtaireacht ghearr, ríomhphost mar shampla, a scríobh faoin saol laethúil atá acu san áit chónaithe a roghnaigh siad ó Caint thuas.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4